



Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Scéim Teanga 2018 – 2021

faoi Alt 15 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Dún Laoghaire-Rathdown County Council

Language Scheme 2018 – 2021

under Section 15 of the Official Languages Act, 2003

Clár

Leathanach

Caibidil 1

Scéim Teanga 2018 –2021 3

- 1.1 Réamhrá agus Cúlra 3
- 1.2 Tiomantas na Comhairle 3
- 1.3 Ullmhú na Scéime 4
- 1.4 Dáta Tosach Feidhme na Scéime 4

Caibidil 2

Forléargas ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin agus ar na Seirbhísí a sholáthraíonn sí

- 2.1 Forléargas ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin 5
- 2.2 Struchtúr na Comhairle 5
- 2.3 Seirbhísí a Sholáthraíonn an Chomhairle Contae 6
- 2.4 Custaiméirí agus Cliaint na Comhairle 6
- 2.5 Seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge ón gComhairle 7

Caibidil 3

Achoimre ar Sheirbhísí i nGaeilge agus a chuirfear ar fáil faoin Scéim

- 3.1 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal 8
- 3.2 Gníomhartha Molta i ndáil le Cumarsáid Scríofa 8
- 3.3 Gníomhartha Molta i ndáil le Cumarsáid ó Bhéal 10
- 3.4 Gníomhartha Molta i ndáil le Logainmneacha 11
- 3.5 Gníomhartha Molta eile 11

Caibidil 4

Forfheidhmiú na Scéime, Poiblíocht agus Forléargas 12

- 4.1 Freagracht as Forfheidhmiú agus Riarachán 12
- 4.2 Poiblíocht 12
- 4.3 Forléargas ar an Scéim 13

Caibidil 1 – Scéim Teanga 2018–2021

1.1 Réamhrá agus Cúlra

D’ullmhaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin an Scéim seo faoi Alt 15 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Foráiltear le hAlt 11 ullmhú Scéime reachtúla ag comhlacht poiblí, áit a sonrófar na seirbhísí atá beartaithe ag an gcomhlacht a sholáthar:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

Leagtar amach sa Scéim na bearta a chuirfear i bhfeidhm i ndáil leis na seirbhísí a chuirfear ar fáil trí mheán na Gaeilge fad a mhairfidh an Scéim. Leagtar amach sa Scéim freisin na gníomhartha atá beartaithe ag an gComhairle a dhéanamh chun a chinntiú go ndéanfar dul chun cinn réasúnta maith le linn thréimhse na Scéime i dtreo is go mbeidh fáil trí Ghaeilge, sa deireadh thiar, ar sheirbhísí nach gcuireann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar fáil trí Ghaeilge i láthair na huaire. Déanfar an méid sin le hurraim chúí don bhunéileamh atá ar sheirbhísí áirithe a bheith trí Ghaeilge agus acmhainní atá ar fáil don Chomhairle chuige sin - idir acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais.

1.2 Tiomantas na Comhairle

Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tiomanta a hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tugann sé sásamh don Chomhairle na céimeanna atá beartaithe aici a ghlacadh sa tréimhse 2018 go 2021 a leagan amach sa Scéim seo chun a chinntiú go mbeidh fáil níos mó ar sheirbhísí poiblí a sholáthraíonn an Chomhairle i nGaeilge agus go mbeidh siad ar chaighdeán níos airde agus a chinntiú go háirithe go ndéanfar an dul chun cinn cuí d’fhonn a chinntiú go gcuirfear seirbhísí nach bhfuil ar fáil i nGaeilge san am i láthair ar fáil sa teanga. Tacaíonn an Príomhfheidhmeannach agus Foireann Bainistíochta na Comhairle go hiomlán leis an Scéim.

1.3 Ullmhú na Scéime Teanga

Ullmhaíodh an Scéim seo de réir na dTreoirínte a d'éisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Tá fógra foilsithe ag an gComhairle faoi Alt 15 den Acht ag lorg aighneachtaí ó aon pháirtithe leasmhara i ndáil le hullmhú na dréacht-Scéime. Fuarthas aighneacht amháin ó Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Glacadh an aighneacht sin san áireamh nuair a bhí an Scéim á hullmhú agus is féidir súil a chaitheamh uirthi ag www.dlrcoco.ie.

Tá an scéim ag teacht le prionsabail na Cairte Seirbhísí ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus na Cairte um Chustaiméirí. Leagtar amach í le súil is a chinntiú go rachfar i ngleic ar bhonn céimnitheach, tríd an scéim seo agus scéimeanna amach anseo, leis na hoibleagáidí iomchuí ar fad atá ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá an Scéim bunaithe ar na tiomantais ar fad a bhí in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. Sa chás go bhfuil tiomantais i scéimeanna roimhe seo nach bhfuil curtha i bhfeidhm ina n-iomláine go dtí seo, beidh sin le plé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Aithnítear an t-am agus an obair atá curtha isteach acu sin ar fad a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo agus is mór againn é.

1.4 Dáta Tosach Feidhme na Scéime

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ón **19 Feabhra 2018** agus beidh feidhm léi ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh Scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, cibé cé acu ceann is déanaí.

Caibidil 2 Forléargas ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin agus ar na Seirbhísí a sholáthraíonn sí

2.1 Forléargas ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin

Bunaíodh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an 1 Eanáir 1994. Tharla sé seo nuair a lánscoradh Comhairle Contae Átha Cliath agus Bardas Buirge Dhún Laoghaire agus nuair a cuireadh trí chontae nua riaracháin ina n-áit - Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Áth Cliath Theas.

Tá achar 125.8 km² ó dheas de Chathair Bhaile Átha Cliath faoi Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus luíonn a theorainn le Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar an taobh thiar agus le Comhairle Contae Chill Mhantáin ar an taobh theas. 206,300 an daonra atá ann de réir Dhaonáireamh 2011. Is ionann daonra Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus 16.2% de dhaonra Bhaile Átha Cliath.

Is é seo a leanas Ráiteas Misin na Comhairle:

"Comhshaol eiseamláireach sóisialta, fisiciúil, eacnamaíoch agus cultúrtha a chothú do gach uile dhuine atá ag maireachtáil, ag obair agus ar cuairt sa chontae seo".

2.2 Struchtúr na Comhairle

Is 40 comhalta tofa agus iad tofa as na 6 thoghcheantar atá sa Chontae an comhdhéanamh atá ar an gComhairle. Tá príomhról ionadaíoch ag na comhaltaí tofa agus cinneann siad polasaí na Comhairle faoi chóras feidhmeanna forchoimeáda. I bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna polasaí dóibh oibríonn na comhaltaí tofa trí Ghrúpa Polasaí Corparáidigh agus trí chúig Choiste ar Pholasaí Straitéiseach. Is Comhairleoirí agus ionadaithe thar ceann na n-eagraíochtaí deonacha/earnálacha atá ar na Coistí ar Pholasaí Straitéiseach.

Oibríonn an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bainistíochta ar a bhfuil Stiúrthóirí Seirbhísí, An Gníomhaire Dlí, agus an tAiltire Contae i gcumas feidhmiúcháin chun

polasaithe na Comhairle a chur i bhfeidhm agus chun soláthar seirbhísí na Comhairle a bhainistiú.

2.3 Seirbhísí a Sholáthraíonn an Chomhairle Contae

Soláthraíonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an iliomad seirbhísí a théann i gcion ar gach saoránach sa Chontae. Tá an Chomhairle leagtha amach i Rannóga chun na seirbhísí seo a leanas a sholáthar:

- Cumarsáid Chorporáideach & Rialachas
- Ailtirí
- Seirbhísí Bardasacha
- Airgeadas & Bainistíocht Riosca
- Tithíocht
- Seirbhísí Dí
- Pleanáil & Nuálaíocht Eagraíochta
- Forbairt Eacnamaíochta, Pobail agus Cultúir
- Infreastruchtúr & Athrú Aeráide

Ullmhaíodh '**Plean Corparáideach 2015 – 2019**' Chomhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin tar éis próiseas leathan comhairliúcháin le foireann na Comhairle agus le raon leathan de pháirtithe leasmhara sa Chontae. Leagtar síos cuspóirí agus straitéisí don Chomhairle don tréimhse go dtí 31 Nollaig 2019 sa phlean seo atá glactha ag an gComhairle.

2.4 Custaiméirí agus Cliant na Comhairle

Is iad na daoine aonair a mhaireann nó a oibríonn sa Chontae nó a thugann cuairt ar an gContae an bonn custaiméirí, go príomha, atá ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Chomh maith leis na custaiméirí a mbíonn teagmháil againn leo gach lá ar bhonn aonair, bíonn an Chomhairle ag déileáil ar bhonn níos leithne le bonn custaiméirí/cliant ina measc:

- An tAire agus An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil
- Airí agus Ranna Rialtais eile
- Gníomhaireachtaí Stáit
- Comhaltaí an Oireachtais
- Comhpháirtithe Sóisialta
- Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha
- Eagraíochtaí an Aontais Eorpaigh
- Soláthróirí Seirbhísí na hEarnála Príobháidí
- Na hEarnálacha Gnó, Tráchtála agus Tionsclaíoch
- Grúpaí Deonacha agus Pobail

2.5 Seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge ón gComhairle

Is é príomhchuspóir an Achta a chinntiú go mbeidh fáil níos mó ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge agus go mbeidh na seirbhísí sin ar chaighdeán níos airde. Chuige sin, tá na seirbhísí seo a leanas á soláthar ag an gComhairle cheana féin trí mheán na Gaeilge:

- Tá foireann a bhfuil ar a gcumas oibriú trí mheán na Gaeilge ar fáil i roinnt Rannóg lena n-áirítear:

Ailtirí

Tithíocht

Seirbhísí Bardasacha

Airgeadas & Bainistíocht Riosca

Cumarsáid, Corparáid & Rialachas

Ní féidir seirbhís go hiomlán i nGaeilge a ghealladh sna Rannóga seo mar go mbraitheann sé sin ar phríomhbhaill áirithe foirne a bheith ar fáil.

Caibidil 3 Achoimre ar Sheirbhísí i nGaeilge a bheidh le Soláthar faoin Scéim

3.1 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal

Is iad seo a leanas na modhanna cumarsáide a bhíonn in úsáid ag an gComhairle leis an bpobal:-

- Bróisiúir agus Bileoga Eolais
- Foirmeacha Iarratais
- Foilseacháin Reachtúla agus Doiciméid Polasaí
- Preaseisiúintí
- Fógraí a eisítear sna Nuachtáin
- Fógraíocht
- *Dún Laoghaire Rathdown Times* agus Foilseacháin Eile
- Suíomh Gréasáin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin- www.dlrcoco.ie
- Litir nó Ríomhphost agus
- Sonraisc agus Doiciméid a bhaineann leo

3.2 Gníomhartha Molta i ndáil le Cumarsáid Scríofa

Faoi láthair is trí mheán an Bhéarla a dhéantar an chuid is mó den chumarsáid scríofa leis an bpobal.

Tá an Chomhairle tiomanta na gníomhartha seo a leanas a chur i bhfeidhm i gcaitheamh thréimhse na Scéime ionas go bhfeabhsófar an soláthar ó thaobh na cumarsáide scríofa trí mheán na Gaeilge:

- Cuirfear gach bileog eolais, foirm agus doiciméid mhíniúcháin ina dtugtar eolas ar sheirbhísí na Comhairle ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ach amháin nuair nach bhfuil sé indéanta sin a dhéanamh mar gheall ar mhéid, nádúr nó leagan amach an ábhair.

- Beifear fós ag táirgeadh doiciméid theicniúla mar shampla doiciméid a bhainfidh le teicneolaíocht na faisnéise, le sonraíochtaí innealtóireachta agus tógála, agus le tairiscintí agus araile i mBéarla amháin
- Eiseofar sonraisc, billí, ticéid pháirceála agus araile i nGaeilge agus i mBéarla araon.
- Forbróidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leagan Gaeilge dá suíomh gréasáin. Beidh an t-ábhar seasta go léir ar fáil i nGaeilge faoi dheireadh bhliain 1.
- Tá seoladh cineálach ríomhphoist bunaithe i gcomhair fiosruithe ‘as Gaeilge’. Cinnteoidh an Chomhairle go ndéileálfar go pras le ceisteanna dá leithéid díreach mar a dhéantar le ceisteanna i mBéarla.
- Beidh aon ghnáth-theachtaireacht nó aon séanadh ar chomhfhreagras ríomhphoist ar fáil i nGaeilge.
- Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh na bogearraí agus na cruá-earraí nua ríomhaireachta go léir a cheannófar ábalta déileáil leis an nGaeilge. Cuirfear na córais atá i bhfeidhm cheana, in oiriúint, nuair is gá, nuair a dhéanfar an chéad obair oiriúnach chothabhála eile nó an chéad uasghrádú eile atá beartaithe.
- Cuirfear gach ceann de chórais íocaíochta na Comhairle atá bunaithe ar an ngréasán ar fáil i nGaeilge.
- Beidh na cuirí scríofa go léir a eiseoidh an Chomhairle i nGaeilge agus i mBéarla.
- Beidh gach eolas nua, comharthaí cuimhneacháin, plaiceanna cuimhneacháin agus araile i nGaeilge agus i mBéarla.
- Cuirfear 25% de phreaseisiúintí bliantúla uile na Comhairle ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

3.3 Gníomhartha Molta i ndáil le Cumarsáid ó Bhéal

Is trí mheán an Bhéarla a dhéantar an chuid is mó den chumarsáid ó bhéal leis an bpobal i láthair na huaire. Cé go bhfuil cuid den fhoireann inniúil ar an obair a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, mar a luadh i bpointe 2.5, is é an Béarla teanga oibre Ranna uile na Comhairle.

Tá an Chomhairle tiomanta na gníomhartha seo a leanas a chur i bhfeidhm i gcaitheamh thréimhse na Scéime chun an soláthar seirbhísí cumarsáide ó bhéal, trí mheán na Gaeilge, a fheabhsú:

- Cuirfidh Rannóg Acmhainní Daonna na Comhairle dianoiliúint Ghaeilge ar fáil do bhaill foirne na Comhairle agus do Chomhairleoirí a mbeidh suim acu a n-inniúlacht in úsáid na Gaeilge a fheabhsú. Feabhsóidh sé seo an soláthar seirbhísí a chuirfidh an Chomhairle ar fáil i nGaeilge. Tabharfar aird ar leith ar fhoirne sna Rannóga sin nach bhfuil ar a gcumas seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair.
- Más gá sin breithneofar an cás maidir le baill foirne a mbeadh na cáilíochtaí cuí acu agus a bheadh inniúil ar a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge a earcú.
- Cuirfear an oiliúint leanúnach ar bhaill foirne ag an bhfáiltiú/ar an lasc-chlár ionas go mbeidh siad ábalta ainm na Comhairle a thabhairt amach i nGaeilge. Beidh cleachtadh acu ar na gnáthbheannachtaí Gaeilge agus beidh ar a gcumas a aithint go bhfuil seirbhís i nGaeilge á lorg agus beidh siad ábalta custaiméirí a chur i dteagmháil leis an oifigeach iomchuí a bheidh ag cur na seirbhíse sin ar fáil sa Chomhairle i nGaeilge, má bhíonn a leithéid ar fáil.
- Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh ball amháin foirne ag an Deasc Eolais agus ball amháin foirne i ngach aon Leabharlann ábalta seirbhís a thairiscint sa dá theanga faoi dheireadh na Scéime.
- Beidh gné Ghaeilge ag baint le turais oideachais a bheidh á ndéanamh ag an gComhairle ar scoileanna. Déanfar gnó na dturas oideachais ar Ghaelscoileanna go hiomlán i nGaeilge ach baill foirne a bheith ar fáil a mbeidh scileanna Gaeilge acu.

- Cuirfear eolaire i dtoll a chéile ina dtabharfar ainmneacha na mball foirne agus na gComhairleoirí a mbeidh ar a gcumas agus a bheidh sásta gnó a dhéanamh i nGaeilge in oifigí uile na Comhairle agus i Rannóga/Ranna uile na Comhairle.
- Cuirfidh an Chomhairle urlabhraithe ar fáil chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge nuair is gá.

3.4 Gníomhartha Molta i ndáil le Logainmneacha

- Leanfar le leagan cruinn Gaeilge de na Sráidainmneacha/Logainmneacha a chur ar an gcomharthaíocht bhóithre fad le linn thréimhse na scéime.
- Beidh sé de choinníoll leis an gcead pleanála ainm i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla a bheith ar fhorbairtí nua cónaithe ar bith. Beidh sé d'fhreagracht ar an gComhairle ainmneacha cuí a sheiceáil agus a roghnú i gcomhairle le hOifigeach Oidhreachta na Comhairle agus ag féachaint do na logainmneacha reatha atá ann, don stair agus d'oidhreacht áitiúil an limistéir.

3.5 Gníomhartha Molta eile

Ceapfaidh an Chomhairle Oifigeach Forbartha Gaeilge d'fhonn forfheidhmiú fhorálacha na Scéime a chur chun cinn, d'fhonn comhordú a dhéanamh ar an soláthar seirbhísí i nGaeilge agus d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na Comhairle maidir leis an nGaeilge.

Ba chóir a thabhairt ar aird go bhfuil na seirbhísí a ghealltar á dtairiscint ag na Comhairlí bunaithe ar an staid reatha mar a leagtar amach sna rannóga thuas. Ní mór a thabhairt ar aird go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag athruithe ar chúrsaí airgeadais agus foirne a tharlódh amach anseo ar sheachadadh na dtiomantas seo, athruithe nach bhfuil aon smacht ag an gComhairle orthu.

Caibidil 4 Forfheidhmiú na Scéime, Poiblíocht agus Forléargas

4.1 Freagracht as Forfheidhmiú agus Riarachán

Tá an Scéim seo faofa ag an Príomhfheidhmeannach agus ag Foireann Bainistíochta na Comhairle. Cinnteoidh Ceann na Seirbhísí Corparáideacha go n-eiseofar Treoirlínte cuí maidir le forfheidhmiú na Scéime. Cinnteoidh Cinn na Rannóg go mbeidh Treoirlínte agus treoracha eile ar fáil, de réir mar is gá, do na baill foirne go léir a bheidh rannpháirteach i bhforfheidhmiú na Scéime. Cinnteoidh Cinn na Rannóg chomh maith go gcuirfear na baill foirne go léir ar an airdeall maidir le ceanglais agus le himpleachtaí na Scéime.

Beidh an fhreagracht maidir le forfheidhmiú na Scéime ó lá go lá ar an Oifigeach Forbartha Gaeilge.

4.2 Poiblíocht

Cuirfear ábhar na Scéime seo, mar aon le tiomantais agus le foráil na Scéime faoi bhráid an phobail i gcoitinne trína bpoibliú ar na bealaí seo:

- Preaseisiúintí
- Dáileadh ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí poiblí cuí
- Suíomh gréasáin na Comhairle
- Fógraí i Nuachtáin

Chomh maith leis sin, tapóimid chuile dheis sa phlé a bheidh againn le custaiméirí gach lá chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a fhógairt agus a chur chun cinn ar na bealaí seo a leanas:

- a chur in iúl go díreach do chustaiméirí ar bhonn forghníomhach go bhfuil rogha acu a ngnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge. Trí fhógraí a chur suas ag ionaid fáilte, mar shampla, ag tabhairt le fios go bhfuil seirbhísí i nGaeilge ar fáil;

- Na seirbhísí sin a liostú go feiceálach ar ár láithreán gréasáin;
- a thabhairt le fios ar threoiríní, leabhráin agus ar fhoirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na doiciméid sin le fáil i nGaeilge, mura gcuirtear sin ar fáil go dátheangach;
- an bhéim chéanna ar ábhar Gaeilge agus Béarla.

Seolfar cóip den Scéim seo chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

4.3 Forléargas ar an Scéim

Bunófar Coiste faoi Chathaoirleacht an Príomhfheidhmeannach nó a ainmní nó a hainmní agus ar a mbeidh an tOifigeach Forbartha Gaeilge, baill foirne eile de chuid na Comhairle, Comhairleoirí agus ionadaithe ó eagraíochtaí seachtracha chun úsáid na Gaeilge istigh sa Chomhairle a chur chun cinn agus chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn fhorfheidhmiú na Scéime agus é a thuairisciú.

Déanfaidh an Coiste monatóireacht ar an éileamh ar an soláthar seirbhísí i nGaeilge agus déanfaidh sé an t-éileamh a mheas. Cuirfear tuairisc faoi dhul chun cinn fhorfheidhmiú na Scéime ar fáil don Chomhairle go bliantúil agus foilseofar í sa Tuarascáil Bhliantúil.